

## **Ábhar**

## **Dea-Chaint agus Deisbhéalaíocht**

### **Mír Fuaim**

### **Máirtín Mac Donnchadha, Raidió na Gaeltachta, ag labhairt faoin dea-chaint**

Ní cúrsa teanga ná plean ceachta atá i gceist leis an ábhar samplach seo agus níl sé i gceist go ndéanfaí gach tasc in aon seisiún teagaisc amháin. Is sampla atá ann de na cineálacha tascanna a d'fhéadfaí a bhunú ar an téacs d'fhonn na hinniúlachtaí agus na scileanna atá á gcur chun cinn sa siollabas a fhorbairt. Moltar go gcuirfeadh teagascóirí an t-ábhar in oiriúint dá gcuid mac léinn féin.



# Dea-chaint agus Deisbhéalaíocht

## Réamhobair

Beidh tú ag éisteacht leis an ggraoltóir raidió Máirtín Mac Donnchadha ag labhairt faoin dea-chaint agus faoin deisbhéalaíocht. Sula n-éisteanntú leis, déan an réamhobair thíos.

- Cén cur síos a dhéanfá féin ar an dea-chaint agus ar an deisbhéalaíocht? Scríobh sainmhíniú.
- Cad iad na tréithe a bhaineann le caint an dea-chainteora? Pléigh.
- Cad iad na pearsana sa saol poiblí a samhlaíonn tú deisbhéalaíocht leo? Pléigh agus déan liosta.
- An féidir leat smaoinemh ar shamplaí a thaitníonn leat den dea-chaint agus den deisbhéalaíocht?
- Cad iad na cineálacha éagsúla cainte atá ann? Pléigh agus déan liosta.
- ‘Tá cáil na dea-chainte ar Éireannaigh. Pléigh’.
- Cad é an chaint is fearr a chuala tú riamh?

## Éisteacht

Anois éist leis an mír. Thug Máirtín leagan den chaint seo ag Scoil Merriman i 2011. Lig ort gur iriseoir tusa le Raidió na Gaeltachta agus go raibh ort éisteacht le caint Mháirtín chun achoimre a thabhairt uirthi. Dréachtaigh na pointí a bheadh agat san achoimre.

## Feasacht Teanga

- Féach ar na habairtí thíos. I ngach cás, roghnaigh an leagan caighdeánach as an dá leagan i gcló trom.

An chúis **a bhfuil / go bhfuil** oiread sin tóir ag Gaeilgeoirí ar na buanna seo Deireann muid faoi dhuine **a bhfuil / go bhfuil** stuaim ann ag plé le saothar láimhe

An rud a deirtear faoi dhuine **a bhfuil / go bhfuil** bua na dea-chainte nó na deisbhéalaíochta aige

Bhí fear ar an gCeathrú Rua **a raibh / go raibh** cáil na tráthúlachta air

An chaoi **a ndeachaigh / gur chuaigh** sé don chroscheistiú

- Cén Béarla a chuirfeá ar na habairtí seo as an téipscripht?
  - o ‘Daoine a raibh sé de cháil orthu go mba daoine abartha iad’.
  - o ‘Bhí fear ar an gCeathrú Rua a raibh cáil na tráthúlachta air agus a bhfuil na scéalta a bhaineann leis ina ndeirlíní acu siúd a chuala iad’.
  - o ‘Thug sé seo na corcáin air féin ag siúl go seachnódh sé an Garda’.
  - o ‘Déarfá go raibh mianach maith abhcóide sa nGarda agus an chaoi a ndeachaigh sé don chroscheistiú’.
  - o Shíl an Garda nach bhféadfadh aon lúb ar lár a bheith ina chás. Ach d’aimsigh an deisbhéalaí an lúb agus chuir sé an phraiseach ar fud na mias air. Sin dea-chaint agat.

- An bhféadfá na focail thíos a bhaineann leis an gcaint a chur in abairtí a léireodh a mbrí:

achainí  
 aighneas  
 aitheasc  
 aithris  
 béadán  
 bladar  
 cabaireacht  
 cadráil  
 cogar mogar  
 dúirt sé, dairt sé  
 cúlchaint  
 leabhal  
 urlabhra

- ‘...dá mbeadh an ghaoth ó thuaidh *d’osclaítí* an doras ó dheas agus dá mbeadh an ghaoth ó dheas *d’osclaítí* an doras ó thuaidh...’

Cén aimsir atá sa bhriathar sa chló iodálach thuas? Pléigh agus cuir an struchtúr céanna i bhfeidhm ar na habairtí thíos.

Déantar na scrúduithe i mí na Bealtaine.  
 Faightear na torthaí i mí Iúil.  
 Certaitear na páipéir i mí an Mheithimh.  
 Seoltar na torthaí sa phost.  
 Bítear ag fanacht le torthaí i rith an tsamhraidh.  
 Deirtear go bhfuil an páipéar áirithe sin deacair.

## Iarobair

- An dóigh leat gur féidir scéalta grinn a aistriú go héifeachtach ó theanga go teanga? Pléigh.
- An bhfuil an acmhainn chéanna grinn ag cultúir / teangacha éagsúla? Pléigh agus déan iarracht cur síos a dhéanamh ar na difríochtaí le samplaí.
- Déan cur síos ar chainteanna a chuala tú faoi na ceannteidil seo a leanas:
  - o an chaint is greannmhaire
  - o an chaint is spreagúla
  - o an chaint is brónaí
  - o an chaint is áiféisí

Anois scríobh alt gearr faoi cheann de na cainteanna a phléigh tú thuas.

## Téipscript

Dea-chaint agus deisbhéalaíocht – sin é an t-ábhar atá le plé againn agus is dócha gurb é an rud is fearr a dhéanfá i dtosach ná cineál éigin sainmhíniú a dhéanamh ar an dá théarma sin. Is é an Béarla a chuireann na foclóirí ar an bhfocal ‘dea-chaint’ ná *pleasant agreeable speech, witty speech* agus *smart talk*. Is beagnach é an t-aistriúchán céanna a dhéanann siad ar an téarma ‘deisbhéalach’ – *well-spoken, witty*. Ach má dhéanann muid briseadh síos ar na téarmaí Gaeilge féin tiocfaimid ar bhreis tuisceana maidir le céard atá i gceist leo agus an chúis go bhfuil an oiread sin tóir ag Gaeilgeoirí ar na buanna seo. Deireann muid faoi dhuine a bhfuil stuaim ann ag plé le saothar láimhe go bhfuil sé deaslámhach. Aistríonn an focal deaslámhach mar *dexterity* agus cé nach ionann an focal ‘deas’ i ndeaslámhach agus ‘deis’ i ndeisbhéalach d’fhéadfaí a rá gurb éard atá i gceist le deisbhéalaíocht ná *verbal dexterity*. Ach is fiú breathnú freisin ar an mbrí atá leis an bhfocal sin ‘deis’ i ndeisbhéalach. Seo é an focal céanna a úsáideann muid nuair a deireann muid go bhfuair duine deis rud a dhéanamh, deireann muid go raibh rud ar dheis ag duine nó gur thapaigh sé a dheis. Maidir leis an té a bhíonn deisbhéalach, mar sin, d’fhéadfaí a rá faoi go bhfuil a bhéal ar a dheis aige, nó i bhfocla eile go bhfuil a theanga ar a thoil aige. Tá téarmaí eile fós le cur san áireamh agus muid ag caint ar dheisbhéalaíocht agus ar dheachaint agus sin é an focal tráthúil. Aistrítear é seo mar *apt, felicitous, witty*. Agus is tráthúil an sampla a tugtar sna foclóirí le húsáid an fhocail ‘tráthúil’ a chur i gcomhthéacs. Is é sin, sé atá deas ar an bhfocal oiriúnach a aimsiú. Agus ós ag caint ar dheas muid, tá an téarma eile ann ‘deaschaint’ arb í an bhrí chéanna atá leis agus atá le dea-chaint. Mar sin, ní hionann dea-chaint agus droch-chaint. Ní caint mhímhúinte ná ghráisciúil atá i gceist. Cé gur féidir le dea-chaint a bheith garbh agus gráisciúil – ní hí an ghairbhe ná an ghráisciúlacht a dhéanann dea-chaint di. Go deimhin is minic soineantacht agus simplíocht ag roinnt le dea-chaint agus deisbhéalaíocht. Is é an rud a deirtear faoi dhuine a bhfuil bua na dea-chainte nó na deisbhéalaíochta aige ná go bhfuil sé abartha. Is éard atá i gceist agam a dhéanamh, mar sin, ná samplaí a thabhairt daoibh de chuid de na ráiteasaí atá luaite le daoine a raibh sé de cháil orthu go mba daoine abartha iad. Is ó bhéal na ndeisbhéalaithe féin a chuala mé cuid de na cainteanna seo ach is scéal scéil tuilleadh acu. Bhí fear ar an gCeathrú Rua a raibh cáil na tráthúlachta air agus a bhfuil na scéalta a bhaineann leis ina ndeilín acu siúd a chuala iad. Is cosúil gurb é féin is túisce a d’éiríodh ar maidin. Chuireadh sé an luaith amach agus d’adaíodh sé tine. D’éirigh a bhean roimhe an mhaidín seo agus nuair a d’éirigh seisean b’ait leis nach raibh an luaith curtha amach aicise agus tine lasta. ‘Cén fáth nach bhfuil tine thíos agat, a bhean?’ a d’fhiafraigh sé. ‘Níl mé in ann í a chur síos ag mo chloigeann’ a d’fhreagair sise – is dócha go raibh tinneas cinn uirthi. ‘Nach iontach é sin’, ar seisean ar ais léi – ‘chuir mise síos inné í agus ní le mo chloigeann é’. Ach bhí sé de cháil ar an mbean go raibh sí chomh tráthúil leis féin. D’éirigh an bheirt acu in éineacht maidin eile agus chuaigh seisean ag cur na luaithe amach. Sa tsean-am bhíodh doras ó thuaidh agus doras ó dheas ar chisteanach an tí agus an té is túisce a d’éiríodh ar maidin bhíodh air doras nó an doras eile a oscailt de réir mar a bheadh an ghaoth an mhaidín sin. Dá mbeadh an ghaoth ó thuaidh d’osclaítí an doras ó dheas agus dá mbeadh an ghaoth ó dheas d’osclaítí an doras ó thuaidh. Rug sé ar bhucéad na luaithe agus sheas sé i lár an urláir agus d’fhiafraigh sé ‘Cá bhfuil an ghaoth inniu, a bhean?’ agus d’fhreagair sise ‘Cá mbeadh sí ach amuigh?’ Bhí sé lá eile agus chonaic sé an Garda ag déanamh a bhealach aníos tríd an mbaile agus é ag dul ó theach go teach ag fiosrú an raibh ceadúnais gadhair ag daoine. Thug sé seo na corcáin air féin ag súil go seachnódh sé an Garda. Ach nuair a thug, nár lean an madra é. Agus nach bhfaca an Garda é agus an madra dá leanacht. Bhí a fhios aige ansin nach raibh aon mhaith dó ann agus chuaigh sé abhaile. Tháinig sé isteach sa gcisteanach agus an madra isteach ina dhiaidh agus luigh an madra istigh faoin mbord. Ní raibh siad i bhfad istigh nuair a tháinig an Garda ag an doras. Déarfá go raibh mianach maith abhcóide sa nGarda agus an chaoi a ndeachaigh

sé don chroscheistiú. ‘An leat an madra?’ a d’fhiafraigh an Garda de. ‘Ní liom’ a deir mo dhuine. ‘Ach bhí sé de do leanacht’ a deir an Garda. ‘Ní liom thusa agus bhí tú de mo leanacht’ a d’fhreagair seisean. Fuair an Garda amach go raibh mianach maith abhcóide i bhfear na Ceathrún Rua. Shíl an Garda nach bhféadfadh aon lúb ar lár a bheith ina chás. Ach d’aimsigh an deisbhéalaí an lúb agus chuir sé an phraiseach ar fud na mias air. Sin dea-chaint agat.